Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

11957/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0189(NLE)**

SCH-EVAL 108
ENFOPOL 433
COMIX 399

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11956/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an **Iodáil** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

1. Tar éis do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear meicníocht um meastóireacht agus faireachán chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a bheith glactha ag an gComhairle, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an Iodáil in 2021 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Iodáil i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le comhar póilíneachta.

3. D’fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 19 Iúil 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 11956/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.